

Fionnuala Uí Neachtain:

Anois, thug an Rialtas a mbeannacht inné do Ceannteidil an Bhille a dhéanfaidh leasú ar Acht na dTeangacha Oifigúla. I measc na bpríomh-fhorálacha atá molta don Bhille nua, táthar ag iarraidh go mbeadh 20% de dhaoine a n-earcófar sa tseirbhís phoiblí ina nGaeilgeoirí. Beidh sé riachtanach freisin go n-oibreoidh gach oifig phoiblí sa Ghaeltacht trí Ghaeilge.

Tá an Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill, i mo chuideachta sa stiúideo ar maidin. Do chéad fáilte...

An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill:

Go raibh maith agat, Fionnuala

Fionnuala Uí Neachtain:

Anois, bhí conspóid ag baint leis na Ceannteidil roimhe seo, nuair a dúirt tú féin agus eagraíochtaí teanga nach raibh mórán ann a chinnteodh go láidreofaí cearta teanga lucht labhartha na Gaeilge agus bhí tú ag comhoibriú leis an Roinn sa bpróiseas seo. An céim chun cinn atá anseo?

An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill:

Céim ollmhór chun cinn atá ann, i ndáiríre, agus tá moladh mór tuillte ag an Aire Stáit as an méid atá bainte amach agus ag a chuid oifigigh as an méid atá bainte amach agus tá éacht déanta i ndáiríre é seo a chur tríd ag Bord an Rialtais agus tá athruithe ollmhóra ann ón méid a bhí sna Ceannteidil i 2014. In 2014, bhí faid agus daingniú á dhéanamh ar chóras na scéimeanna teanga. Ní raibh aon fhoráil dhíreach ann faoi chúrsaí ó thaobh lucht an Stáit a bheith lonnaithe sa nGaeltacht nó ag cur seirbhísí ar fáil sa nGaeltacht. Ní raibh cúrsaí earcaíochta luaite, mar ba chóir. Sna Ceannteidil a chuaigh tríd ag Bord an Rialtais inné, tá foráil ann ó thaobh na Gaeltachta dhe, tá foráil ann ó thaobh cúrsaí earcaíochta dhe, tá rangnú molta agus caighdeánú molta ó thaobh seirbhísí Stáit, seachas córas na scéimeanna teanga. *So*, tá dul chun cinn déanta, níl aon dabht faoi sin. Caithfear a bheith airdeallach sa mhéid agus nach bhfuil ann ach tús, ach tá tús maith déanta. Bhí trí mhór-mholadh agamsa, is dóigh, ó thaobh céard a bhí ag teastáil ó thaobh Acht nua dhe, ó thaobh na Gaeltachta dhe bhí mé ag moladh go gcuirfí oibrithe de chuid an Stáit atá ag obair sa nGaeltacht, go mbeidís in ann é sin a dhéanamh trí Ghaeilge, ach chomh maith leis sin, iad siúd nach bhfuil lonnaithe sa Stát...sa nGaeltacht...ach atá ag cur seirbhísí ar fáil sa nGaeltacht, go mbeadh Gaeilge acu siúd freisin. Mar shampla, má thagann cigire talmhaíochta isteach sa nGaeltacht, go mbeadh ar a chumas a chuid ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge, má thagann oifigeach ón Roinn Coimirice Sóisialaí isteach sa nGaeltacht, a leithéidí sin.

So, tá sé sin...tá an obair sin le déanamh fós, is dóigh. Nuair a fhoilseofar an Bille ina iomláine amach anseo, nuair a pléifear é ag Coistí Oireachtais, nuair a bheidh sé á phlé sa Dáil agus sa Seanad. *So*, tá cuid den obair fós...tá go leor den obair fós le déanamh lena leithéidí siúd. Chomh maith leis sin, ó thaobh chóras na scéimeanna teanga, rangnú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí. Deirtear linn go mbeidh sé sin ann. Tá ceisteanna ann faoi sin freisin, ar nós, cé a bheidh ag déanamh na rangnú, cé na critéir go díreach a bheidh á leagan síos. Arís, sin feoil atá le cur ar na cnámha. Ach ar an iomlán, i gcomparáid le 2014, nuair a bhí Ceannteidil ann a bhí easnamhach, i gcomparáid le scéalta a bhí againn le blianta anuas go raibh 8 Ranna Rialtais ag diúltú aon phost a shainaithint ó thaobh riachtanais Gaeilge, is léir go bhfuil an bóthar go bhfuil muid ag dul ó thaobh cearta teanga, go bhfuil sé feabhsaithe agus go bhfuil sé athraithe ón méid a bhí ann roimhe seo.

Fionnuala Uí Neachtain:

Anois, mar a dúirt tú, bhí trí mhór-leasú á mholadh agat féin ar an Acht reatha. An gcreideann tú go bhfuil na leasuithe sin ar fad curtha san áireamh anseo?

An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill:

Tá siad curtha san áireamh sa mhéid is gur féidir leo a bheith curtha san áireamh i gCeannteidil an Bhille, ach, an chaoi a chuirfidh mé, is dóigh, ná go bhfuil seoladh breá déanta ach níor feistíodh fós le caladh í, ‘séard atá i gceist agam leis sin ná feicfidh muid, nuair a bheidh feoil ar na cnámha, nuair a bheidh an Bille foilsithe ina iomláine, nuair a bheidh leasuithe molta agus pléite ag Coistí Oireachtais, feicfidh muid ansin, céard go baileach atá i gceist leis sin, ach, tá an trí phrionsabal a bhí uaim leagtha síos go soiléir, ‘sé sin, go mbeadh foráil ann don Ghaeltacht, go mbeadh rangnú déanta ar chomhlachtaí poiblí agus go mbeadh caighdeán leagtha síos do chomhlachtaí poiblí ag brath ar an teagmháil atá acu leis an bpobal.

Cuir é sin i gcomparáid le scéimeanna teanga agus rinne muide tráchttaireacht ar chórais na scéimeanna an mhí seo caite a léirigh go raibh scéimeanna á n-úsáid i ndáiríre le lagú agus laghdú a dhéanamh ar chearta teanga, seachas a mhalairt, mar a bhí beartaithe.

Má bhíonn córas caighdeáin tugtha isteach bunaithe ar an teagmháil atá ag comhlachtaí leis an bpobal, déanfaidh sé cúrsaí níos soiléire do na comhlachtaí poiblí agus déanfaidh sé cúrsaí níos éasca freisin dóibh siúd atá ag lorg cearta. Beidh sé níos éasca anois dóibh a thuiscint céard iad na cearta go bhfuil siad ina dteidil, i gcomparáid le scéimeanna teanga, atá difriúil ó cheann go ceann.

Fionnuala Uí Neachtain:

Anois, tá sé molta na scéimeanna teanga a chaitheamh i dtraipisí. Cén bharúil atá agat don mholadh nua agus an dualgas a bheidh ar chomhlachtaí poiblí i leith na Gaeilge?

An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill:

Bhuel, aon rud faoin Acht ar an gcéad dul síos, caithfear a chinntiú go mbeidh a ndóthain daoine le Gaeilge sa Státchóras leis sin a chur i bhfeidhm. *So*, sin an chéad rud. Má tá breis dualgaisí le leagan ar chomhlachtaí poiblí agus má tá breis cearta le bronnadh ar lucht labhartha na Gaeilge...luíonn sé le réasún, tá sé rí-shoiléir go mba cheart go mbeadh a ndóthain daoine le Gaeilge istigh sa Státchóras agus sa tseirbhís phoiblí leis sin a dhéanamh. Ach ó thaobh chóras na scéimeanna féin agus céard a cheart a thíocht ina áit, is léir go mba cheart rangnú a dhéanamh ar chomhlachtaí poiblí agus rialacháin a thabhairt isteach. Ach an rud atá tábhachtach faoi sin, ná go ndéanfar é sin ar bhealach atá córasach, ar bhealach go bhfuil saghas éabhlú i gceist ó chóras amháin go córas eile. Tá sé tábhachtach nach n-imíonn muid ó chóras nach bhfuil ag oibriú agus ar a laghad, tá chuile dhuine anois ar aon intinn nach bhfuil córas na scéimeanna teanga ag oibriú agus sin dul chun cinn le hais an áit gur thosaigh mise i 2014 nuair a bhí argóintí fós ar bun go raibh córas na scéimeanna teanga ag oibriú agus nach n-athrófaí an córas sin.

Tá sé sin athraithe anois, ach caithfidh muid a bheith cúramach agus muid ag bogadh go córas eile go ndéanfar é i gceart, go ndéanfar é go cruinn, agus gur éabhlú a bheidh ann, agus go mbeidh a ndóthain daoine sa Státchóras leis na córais nua sin a chur i bhfeidhm mar ba chóir.

Fionnuala Uí Neachtain:

Anois, beifear ag tabhairt isteach fíneálacha a bheidh á chur i bhfeidhm agat féin. Cén sórt fíneálacha?

An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill:

Níl a fhios agam, fós. Sin freagra na ceiste sin. Beidh a fhios againn é sin arís nuair a bheidh an Bille ina iomláine foilsithe. Tá sé tábhachtach, nuair a dhéanann aon Choimisinéir nó aon Ombudsman moltaí, go bhfuil tionchar ag na moltaí sin, agus go nglacfar leo. Fós, feictear domsa, ceann de na nithe is láidre atá agam mar Choimisinéir Teanga, gur féidir liom tuairisciú a dhéanamh chuig Thithe an Oireachtais, mura gcuirtear moltaí i bhfeidhm agus oibríonn sé sin den chuid is mó. Ba mhaith liomsa chomh maith go mbeadh deis monatóireacht neamhspleách agam mar Choimisinéir Teanga ar chúrsaí earcaíochta, mar shampla. Sin cumhacht sa bhreis atá an-tábhachtach domsa. Chomh maith leis sin, ar nós Ombudsman na Leanaí, tá ról chomhairleach acu sin ó thaobh chúrsaí reachtaíochta agus comhairle a chur ar an Rialtas faoin ghné a bhaineann leo siúd, *so*, ba mhaith liomsa a leithéidí sin a bheith le feiceáil chomh maith, agus sílim go gcuideodh sé sin ar fad ó thaobh a chinntiú, má tá an Stát ag rá rud éigin ó thaobh na Gaeilge de, nach caint in aisce atá ann, go bhfuil monatóireacht neamhspleách á dhéanamh. *So*, má tá an Stát ag rá, tá muid chun 20% a earcú isteach anseo, go bhfuil monatóireacht á dhéanamh air sin, agus gur féidir a chinntiú go bhfuil an méid atá á rá ag tarlú. Ach ar an iomlán, is lá maith a bhí ann inné ó thaobh cearta teanga, ó thaobh foilsíú na gCeannteideal seo.

Fionnuala Uí Neachtain:

Ceart go leor. Fágfaidh muid ansin ar maidin é agus go raibh míle maith agat faoi theacht isteach go dtí muid ar maidin. An Coimisinéir Teanga, Rónán Ó Domhnaill